

Mo Laochra Mná

Is buaiteoir de chuid an tseó Female Food Heroes í Ester agus is deimhin gur laoch í i súile a pobail féin. Mhúin Ester do go leor ban sa Tansáin conas a bheith ag feirmeoireacht, agus tá meas ag na mná sin uirthi.

Is iomaí bean a mhair san am atá caite ar féidir le cailíní agus buachaillí meas a bheith acu orthu agus laochra a ghlaoch orthu. An féidir leat smaoinemh ar aon mhná i stair na hÉireann a bhfuil meas agat orthu? Is féidir meas a bheith agat ar mhná a bhfuil aithne agat orthu freisin, cosúil le do mháthair, aintín nó deirfiúr leat nó do mhúinteoir.

1. Aimsigh grianghraf (nó tarraing pictiúr) de bheirt bhan a bhfuil meas agat orthu:

- bean amháin ón stair
- bean amháin a bhfuil aithne mhaith agat uirthi (do mháthair, aintín leat, deirfiúr leat, etc.)

2. Scríobh nóta tráchta faoi gach duine, ag gabháil leis an bpictiúr. Ba chóir an t-eolas seo a bheith sa nóta tráchta:

- Ainm an duine
- Cad a rinne sí/ cad a dhéanann sí
- Cén fáth a bhfuil meas agat uirthi

SEO SAMPLA CHUN CABHRÚ LEAT TOSÚ



Insítear duit sa nóta tráchta cé atá sa phictiúr. Insítear duit freisin cén t-éacht atá déanta aici agus cén fáth a bhfuil cáil uirthi.



Is Polaiteoir Éireannach í Máire Mhic Róibín a bhí ina 7ú hUachtarán ar Éirinn ó 1990 go 1997. Ba í an chéad bhean a bhí ina hUachtarán ar Éirinn. Déanann sí a lán oibre ar mhaithe le Comhionannas Inscne agus chun cur i gcoinne an Athraithe Aeráide. Tá meas agam ar Mháire Mhic Róibín mar gur bean stuama chliste í, agus go bhféadfadh sí rud ar bith a dhéanamh, dar liom!

Taispeáin do Laoch Mná do dhuine éigin i do theach féin. Ansin, fiafraigh den té sin cén Laoch Mná atá aige nó aici féin!

Nóta: Is féidir leat pictiúr a tharraingt, grianghraf a fháil ó nuachtán nó iris, grianghraf a phriontáil ón idirlíon etc. (Leid: cuir ceist ar dhuine fásta i do theach ar dtús)

Mo Laochra Mná

